2013. M73T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013

## INNEALTÓIREACHT – ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT

(Ardleibhéal – 300 marc)

**DÉARDAOIN, 6 MEITHEAMH** **MAIDIN 9:30 – 12:30**

## TREORACHA

1. Freagair **Ceist 1**, **Roinn A** agus **Roinn B**, agus **CEITHRE** cheist eile.

2. Ní mór na freagraí uile a scríobh i ndúch ar an bhfreagarleabhar a chuirtear ar fáil.

3. Ba chóir léaráidí a tharraingt le peann luaidhe.

4. Cuirtear páipéar cearnógach ar fáil do léaráidí agus do ghraif, de réir mar is gá.

5. Cuir lipéad agus uimhir go cúramach ar gach ceist a dtéitear ina bun.


**Ceist 1.** **(100 marc)**

**Roinn A – 50 marc**

Freagair **deich gcinn ar bith** acu seo a leanas **go hachomair**:

**(a)** Ainmnigh **dhá** ábhar bealaithe a úsáidtear go coitianta i meaisíní innealtóireachta.

**(b)** Luaigh an cuspóir atá ag **dhá cheann ar bith** de na comharthaí sábháilteachta a thaispeántar.





**(i)** **(ii)** **(iii)**

**(c)** Ainmnigh **dhá** mhodh le mianta a leasú.

**(d)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thoisc timpeallachta a mhéadaíonn an ráta creimthe i suiteacha cruach.

**(e)** Déan comparáid idir na próisis cóimhiotalú agus comhpholaiméiriú ábhair plaisteacha.



**(f)** Chruthaigh an t-aireagóir, James Dyson an dearadh nuálach seo le haghaidh téitheoir seomra. Mínigh feidhm an ghléis a dhéanann *rialú teirmeastatach* sa téitheoir seo.

**(g)** Déan idirdhealú idir iarmhairtí sistéamacha agus iarmhairtí támhshuanacha ag ábhair thocsaineacha.

**(h)** Pléigh an méid a chuir **duine amháin ar bith** acu seo a leanas leis an teicneolaíocht:
**(i)** Nicolaus Otto **(ii)** Frank Whittle **(iii)** Dugald Clerk.

**(i)** Luaigh **trí** fheidhm a bhaintear as rialú neomatach san innealtóireacht.


**(j)** Mínigh cúis **amháin** atá le halúmanam *a anóidiú*.

**(k)** Déan cur síos ar chomhpháirteanna lasair *charbraithe* a úsáidtear i dtáthú ocsaicéitiléine.

**(l)** Mínigh cad is brí le **dhá cheann ar bith** de na giorrúcháin seo a leanas:

**(i)** IC **(ii)** LCD **(iii)** GRP **(iv)** CAM.

**(m)** Ainmnigh an mheicníocht a thaispeántar ag **A** a mbaintear úsáid aisti agus giotár á thiúnadh.

**A**

**Roinn B – 50 marc**

Freagair **gach ceann** acu seo a leanas:


**(n)** Gné ríthábhachtach d'inneall Stirling í foinse éifeachtach teasa.

Ainmnigh **trí** fhoinse teasa is féidir a úsáid chun inneall Stirling a rith.

**(o)** Taispeántar inneall Stirling simplithe.

**(i)** Ainmnigh na criosanna **A**, **B** agus **C**.

**(ii)** Déan cur síos ar phrionsabal oibrithe an innill seo.





**(p)** Tabhair breac-chuntas ar na príomhbhuntáistí agus ar na príomh-míbhuntáistí a bhaineann le hinneall Stirling agus tú ag tagairt dóibh seo:

- éifeachtúlacht an innill
- raon na bhfeidhmeanna.

**(q)** Is féidir mion-inneall Stirling a úsáid i gciorcad leictreonach ríomhaire.

Mínigh feidhm inneall Stirling agus é ag feidhmiú mar seo.



**(r)** Mínigh **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Inneall Beta Stirling;

**(ii)** Cúis **amháin** le hinneall dócháin inmheánaigh a úsáid seachas inneall Stirling agus gluaisteáin á ndearadh agat;

**(iii)** An ról atá ag an *díláithreoir* in inneall Stirling.

**Ceist 2.** **(50 marc)**

**(a)** **(i)** Déan idirdhealú soiléir idir *strustuirse* agus *snámhaíocht* agus tú ag tagairt do dhífhoirmiú miotal.

**(ii)** Déantar tástálacha meicniúla chun airíonna miotal a aimsiú.
Ina measc tá:
**A** – Tástáil teanntachta;
**B** – Tástáil Vickers;
**C** – Tástáil Izod.

I gcás **gach ceann** de na tástálacha **A**, **B** agus **C**, ainmnigh na hairíonna miotal atá faoi scrúdú agus déan cur síos orthu.

**(b)** Fuarthas na torthaí a thaispeántar thíos ó thástáil teanntachta a rinneadh ar chóimhiotal neamhfheiriúil de thrastomhas 10 mm agus de thomhasfhad 50 mm.

| **Ualach (kN)** | 15 | 25 | 40 | 60 | 80 | 100 | 107 | 108 | 105 | 96 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Síneadh (mm)** | 0.06 | 0.10 | 0.16 | 0.26 | 0.38 | 0.65 | 0.90 | 1.00 | 1.20 | 1.40 |


Bain úsáid as an ngrafpháipéar a cuireadh ar fáil agus breac an léaráid den ualach in aghaidh síneadh agus aimsigh:

**(i)** An neart teanntachta deiridh (UTS);

**(ii)** An promhstrus 0.1%.

**(c)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** bhuntáiste a bhaineann le húsáid tástálacha neamhscriosacha (NDT) san innealtóireacht thionsclaíoch.

**(ii)** Ainmnigh an tástáil neamhscriosach (NDT) a thaispeántar thíos. Déan cur síos ar an bprionsabal oibrithe agus ar na feidhmeanna a bhaintear as an NDT seo.



**Ceist 3.** **(50 marc)**


**(a)** Déantar cur síos sa tábla thíos ar chóireálacha teasa a cuireadh i bhfeidhm ar an dá cheann de na scriúirí **A** agus **B**, atá déanta as cruach mheáncharbóin.

| | |
|---|---|
| Scriúire **A** | Téigh go 900ºC é agus lig dó fuarú go mall |
| Scriúire **B** | Téigh go 900ºC é agus fuaraigh in uisce fuar |

**(i)** Déan cur síos ar an tionchar a bhíonn ag uastorc nuair a chuirtear i bhfeidhm é ar an dá scriúire, **A** agus **B**, tar éis na gcóireálacha teasa thuas.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar an bpróiseas cóireála teasa is éifeachtaí ba chóir a chur i bhfeidhm ar scriúire.

**(b)** Taispeántar cuid shimplithe de léaráid chothromaíochta iarainn is carbóin.




**(i)** Ainmnigh na réigiúin **A**, **B**, **C**, **D** agus an pointe **X** a thaispeántar.

**(ii)** Déan mionchur síos ar an bpointe **X** agus tú ag tagairt agat dóibh seo a leanas:

- athrú pas
- comhdhéanamh
- teocht.

**(c)** Freagair **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Déan cur síos ar an bpróiseas cruachan ionduchtaithe agus ar na feidhmeanna a bhaintear as.

**(ii)** Ainmnigh **trí** mheán múchta a úsáidtear i gcóireáil teasa.

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar phrionsabail oibrithe peiriméadair optúil.

**(iv)** Mínigh airíonna *cruach dhosmálta 18/10* agus tabhair breac-chuntas ar úsáid oiriúnach don chruach seo.

**Ceist 4.** **(50 marc)**

**(a)** Tabhair míniú mionsonraithe ar **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Cruachan aoise;

**(ii)** Na difríochtaí idir *cóimhiotal eoitéicteach* agus *cóimhiotal páirt-tuaslagthachta*;

**(iii)** **Trí** locht pointe ar chriostail;

**(iv)** Comhdhúil idirmhiotalach.

**(b)** Taispeánann an tábla thíos na teochtaí soladúcháin atá ag cóimhiotail éagsúla de mhiotal **A** agus de mhiotal **B**.

| **% de mhiotal B sa chóimhiotal** | 0 | 20 | 40 | 60 | 80 | 100 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tús an tsoladúcháin (˚C)** | 270 | 400 | 492 | 552 | 603 | 630 |
| **Críoch an tsoladúcháin (˚C)** | 270 | 280 | 318 | 368 | 449 | 630 |


**(i)** Bain úsáid as an ngrafpháipéar atá curtha ar fáil agus breac an léaráid chothromaíochta teirmí de réir na sonraí a thugtar.

**(ii)** Lipéadaigh príomhghnéithe na léaráide agus déan cur síos orthu.


**(iii)** Aimsigh comhdhéanamh na bpasanna atá i láthair ag **450˚C** i gcás an chóimhiotail ina bhfuil **60%** de mhiotal **B**.

**(c)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar na pasanna a bhaineann le soladúchán miotal ón bpas leachtach ar aghaidh.

**(ii)** Mínigh an coibhneas idir cuair fhuaraithe agus foirmiú léaráidí cothromaíochta cóimhiotal mar a thaispeántar thíos.




*Cuar fuaraithe*




*Léaráid chothromaíochta*

**Ceist 5.** **(50 marc)**

**(a)** Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Déan cur síos ar **thrí** ghuais a bhaineann le húsáid stuatháthú miotail láimhe i seomra innealtóireachta scoile.


**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar na feidhmeanna atá ag *claochladán, toilleoir* agus *coigeartóir* sa stuatháthú miotail láimhe.

**(iii)** Luaigh **dhá** fheidhm atá le bratú leictreoidí ó thaobh stuatháthú miotail láimhe de.

**(iv)** Luaigh úsáid ar leith le haghaidh **gach ceann** de na próisis táthaithe seo a leanas:

- Táthú tungstain támhgháis (TIG)
- Stuatháthú tumtha (SAW)
- Táthú ocsaicéitiléine.

**(b)** Taispeántar léaráid de phróiseas táthú friotaíochta.



**(i)** Ainmnigh an próiseas táthú friotaíochta seo.

**(ii)** Luaigh feidhm **amháin** a bhaintear as an bpróiseas seo.

**(iii)** Déan mionchur síos ar eochairphrionsabail an táthaithe friotaíochta.


**(c)** Déan cur síos, agus léaráidí oiriúnacha mar chúnamh agat, ar phríomhghnéithe **ceann amháin** acu seo a leanas:

**(i)** Táthú miotail támhgháis (MIG);

**(ii)** Táthú leictreashlaige.

**NÓ**

**(c)** Tá méadú seasta tagtha le 25 bliana anuas ar an úsáid a bhaintear as táthú róbatach agus is é an táthú seo a úsáidtear i dtuairim is 20% de na feidhmeanna róbatacha uile in earnáil na tionsclaíochta faoi láthair.




**(i)** Ainmnigh **dhá** chineál táthaithe atá oiriúnach do rialú róbatach.

**(ii)** Luaigh **dhá** phróiseas thionsclaíocha eile is féidir a rialú le teicnící róbatacha.

**Ceist 6.** **(50 marc)**

**(a)** Ag **A** agus **B** thíos, taispeántar dhá phróiseas déantúsaíochta ina mbaintear úsáid as polaiméirí.




**A** **B**

**(i)** Cé acu ceann de na próisis a thaispeántar ag **A** agus **B** is oiriúnaí do dhéantúsaíocht cásála do phlocóid leictreach?

**(ii)** Tabhair breac-chuntas na cúiseanna a bhfuil an próiseas a roghnaigh tú ar an bpróiseas is oiriúnaí do dhéantúsaíocht cásála do phlocóid leictreach.

**(iii)** Mínigh cúis **amháin** a mbaintear úsáid as an múnla scoilte i bpróiseas déantúsaíochta **A**.

**(b)** Roghnaigh **trí cinn ar bith** acu seo a leanas agus déan idirdhealú idir na téarmaí iontu:

**(i)** Polaiméiriú comhdhlúthúcháin agus polaiméiriú suimiúcháin;

**(ii)** Plaisteachán agus cobhsaitheoir;

**(iii)** Múnláil trí easbhrú agus múnláil chomhbhrú;

**(iv)** Rubar nádúrtha agus rubar sintéiseach.

**(c)** Léirítear thíos dhá struchtúr inmheánacha de pholaiméirí, **X** agus **Y**.



**X** **Y**

Agus tú ag tagairt don dá struchtúr de pholaiméirí ag **X** agus **Y**:

**(i)** Ainmnigh gach struchtúr acu;

**(ii)** Luaigh polaiméir **amháin** a bhaineann le gach struchtúr;

**(iii)** Luaigh **dhá** airí a bhaineann le gach struchtúr.

**Ceist 7.** **(50 marc)**

**(a)** Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Luaigh **trí** ghné shábháilteachta a chuirtear san áireamh agus deil láir á dearadh.


**(ii)** Déan cur síos ar an bhfeidhm atá ag tomhsaire plocóide.

**(iii)** Déan idirdhealú idir **dhá cheann ar bith** de na cineálacha slise a chruthaítear le linn meaisíniú.

**(iv)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** mhodh chun dromchlaí réidhe a mheaisíniú ar mhiotail.


**(v)** Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le húsáid uirlisí gearrtha a bhfuil bior cairbíde orthu le linn meaisíniú.

**(b)** Léirítear dhá phróiseas choitianta meilte ag **A** agus **B**.



**A**

*Ag meilt dromchla ar shleamhnán meaisín cruach.*



**B**

*Faobhar á chur ar uirlis ghearrtha le meilteoir binse.*

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar na príomhghnéithe de mheaisín meilte dromchla.

**(ii)** Déan cur síos ar **thrí** ghuais a bhaineann le húsáid meilteoir binse.

**(c)** Déan cur síos, agus léaráidí oiriúnacha mar chúnamh agat, ar na difríochtaí idir *ilmhuilleáil* agus *muilleáil srathrach.*

**NÓ**

**(c)** Baintear úsáid as meaisíniú faoi ríomhrialú uimhriúil (CNC) le haghaidh feidhmeanna éagsúla san innealtóireacht thionsclaíoch.

**(i)** Déan cur síos ar **dhá** ghné a laghdaíonn aga ciogail an mheaisínithe CNC.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann le húsáid mótair chéimneacha i meaisíní CNC.

**Ceist 8.** **(50 marc)**

**(a)** Ainmnigh **ceann ar bith** de na meicníochtaí a thaispeántar agus déan cur síos ar conas a fheidhmíonn í.



**(i)**




**(ii)**

**(b)** Déan cur síos ar **thrí cinn ar bith** acu seo a leanas:

- **(i)** Na buntáistí a bhaineann le beilteanna fiaclacha ulóige;
- **(ii)** Oibriúchán solanóidigh agus feidhm **amháin** a bhaintear as;
- **(iii)** Feidhm **amháin** a bhaintear as friotóir;
- **(iv)** Gléas meicniúil **amháin** chun gluaisne rothach a thiontú ina ghluaisne líneach;
- **(v)** Rialtán sreabh neomatach.


**(c)** Bogfaidh an meaisín faoi ríomhrialú a thaispeántar an gearrthóir sna treonna a thaispeántar. Déan cur síos soiléir, agus léaráidí mar chúnamh agat, ar mheicníochtaí tiomána oiriúnacha chun gluaiseacht an ghearrthóra a rialú.



**NÓ**

**(c)** Agus tagairt agat don chiorcad iomlánaithe (IC) a thaispeántar thíos:

- **(i)** Ainmnigh na comhpháirteanna ionchuir agus na comhpháirteanna aschuir sa chiorcad.
- **(ii)** Ainmnigh na feidhmeanna atá ag comhpháirt **A** sa chiorcad seo agus déan cur síos orthu.



Leathanach Bán

Coimisíun na Scrúdaithe Stáit
State Examinations Commission

**LEAVING CERTIFICATE EXAMINATION, 2013**

**ENGINEERING - PRACTICAL**
**HIGHER and ORDINARY LEVELS**

**150 marks**

**29th APRIL - 10th MAY - MORNING: 10:00 to 1:00**
**AFTERNOON: 2:00 to 5:00**

**PLEASE READ CAREFULLY**

**INSTRUCTIONS**

**(a)** The Examination Number must be clearly stamped or engraved by the **teacher** on the test-piece in the position indicated on the drawing 2013. M74A($L_2$). If the test-piece is not assembled, the Examination Number must be indicated on each separate part of the test-piece.

**(b)** Candidates are not permitted to communicate with or assist one another.

**(c)** Completed **mild steel** parts **only** must be sprayed with a clear rust preventive aerosol.

From the materials supplied, make the **Mechanism** shown on the drawings to the shape and dimensions specified.

| PART | MATERIAL | PROCESS |
|---|---|---|
| 1 | Clear Polycarbonate | Mark out, drill, tap and shape. |
| 2 | Brass | Mark out, drill and shape. |
| 3 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 4 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 5 | Brass | Mark out, drill and shape. |

**Note**: **(i)** Parts 6, 7 and 8 have been made prior to examination day. Using the screws supplied assemble the Mechanism, as detailed on the assembly drawing.
**(ii) Accuracy, finish and function are important.**

**2013. M74AT**

**Coimisíun na Scrúdaithe Stáit**

# SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013

## INNEALTÓIREACHT - PRAITICIÚIL
## ARDLEIBHÉAL agus GNÁTHLEIBHÉAL

**150 marc**

**29 AIBREÁN - 10 BEALTAINE - MAIDIN: 10:00 go dtí 1:00**
**TRÁTHNÓNA: 2:00 go dtí 5:00**

**LÉIGH NA TREORACHA SEO GO CÚRAMACH IAD LE DO THOIL**

**TREORACHA**

**(a)** Ba chóir don **mhúinteoir** Scrúduimhir an Iarrthóra a ghreanadh nó a scríobadh san ionad a thaispeántar ar an líníocht 2013. M74A($L_2$). Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Scrúduimhir a thaispeáint ar gach páirt ar leith den triailphíosa.


**(b)** Níl sé de chead ag iarrthóirí caidreamh a bheith acu lena chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.

**(c)** Ní mór sprae trédhearcadh aersol chun meirg a chosc a chur ar na páirteanna déanta as **cruach bhog amháin** agus iad críochnaithe.

As na hábhair a sholáthraítear, an **Mheicníocht** a thaispeántar sna líníochtaí a dhéanamh sa chruth agus de réir na dtoisí a shonraítear.

| PÁIRT | ÁBHAR | PRÓISEAS |
|---|---|---|
| 1 | Polacharbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach, a dhruileáil, a tapa agus a dheilbhiú. |
| 2 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 3 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 4 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 5 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |


**Nóta**: **(i)** Rinneadh páirteanna 6, 7 agus 8 roimh lá an scrúdaithe. Ag baint úsáide as na scriúnna a sholáthraítear, déan an Mheicníocht faoi mar atá sa líníocht cóimeála.
**(ii)** **Tá tábhacht ag baint le cruinneas, le bailchríoch agus le hoibriú.**


1
110
55
R14
M5
Ø6
Ø10
38
7
6
2
37
R20
R11
12
3
3
14
26
24
17
Ø5.5
28
4
5
100
9
31
8
R4
R3
Ø28
18
70
10
6
2 De dhíth
OFF
3.2
Ø5
Ø8
Ø14
1x45°
7
Ø5CSK
22
24
8
18
26
6.2
Ø24
M5
Ø9.9
Ø12
THALL
OVER

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

2013. M74A($L_2$)

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA INNEALTÓIREACHT - PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE ENGINEERING - PRACTICAL




SCRÚDUIMHIR
EXAM NO.

# SONRAÍ CÓIMEÁLA
# ASSEMBLY DETAILS